

Mo Sheasamh Féin

Is iomaí athrú chun feabhais atá tarlaithe le 50 bliain anuas chun dul i dtreo Comhionannas Inscne in Éirinn.

Sa lá atá inniu ann, tá a lán de na cearta céanna ag cailíní agus mná agus atá ag buachaillí agus fir, ach bíonn roinnt difríochtaí i gceist fós. Mar shampla, is mó an seans gur post páirtaimseartha a bhíonn ag mná Éireannacha agus is lú an méid airgid a thuilleann siad ná mar a thuilleann fir. I gcásanna áirithe, is lú an méid airgid a thuilleann mná ná mar a thuilleann fir a dhéanann an jab céanna leo. Is mó an seans freisin go ndéanfar fiúntas cailíní agus ban a mheas ar a ndealramh.

Ar fud an domhain, as measc na ndaoine ar fad a toghadh ina gceannairí rialtais, ní mná iad ach 22% díobh.

Más mian linn Comhionannas Inscne a bheith bainte amach againn faoi 2030, tá bóthar fada romhainn fós!

Féach ar na cineálacha poist thíos. Is poist pholaitiúla iad cuid acu agus is poist iad cuid eile acu atá ag daoine i do phobal féin. Léigh na teidil éagsúla phoist agus cuir tic leo más 'jab mná' nó 'jab fir' atá i gceist. Mura bhfuil an freagra ar eolas agat, iarr cabhair ar dhuine fásta sa bhaile.

Cineál Gairme	Fear	Bean
Feirmeoir i mo cheantar féin (nó feirmeoir a bhfuil aithne ag mo theaghlach air nó uirthi)		
Príomhoide scoile		
Cóitseálaí na foirne spóirt is fearr liom (nó foireann spóirt is maith le do thuismitheoirí)		
Mo mhúinteoir		
Mo dhochtúir		
Uachtarán na hÉireann		
An Taoiseach		
Iomlán		

1. Cé mhéad post thuas ar chuir tú tic leis mar phost a bheadh ag 'Fear'? _____
2. Cé mhéad post thuas ar chuir tú tic leis mar phost a bheadh ag 'Bean'? _____
3. Ar chuir sé sin iontas ort? Cén fáth ar chuir, nó cén fáth nár chuir?

4. Cé na poist ar an liosta seo a mbíonn claonadh ag daoine smaoineamh orthu mar phoist do bhuachaillí nó poist do chailíní?
